Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10550/24**

**SOC 412**
**EMPL 236**
**ECOFIN 621**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Leordhóthanacht Pinsean<br>- *Formheas* |

1. Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le 'leordhóthanacht pinsean' a d'ullmhaigh an Coiste um Chosaint Shóisialta.

2. Tá na Conclúidí bunaithe ar Thuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean ón gCoiste um Chosaint Shóisialta agus ón gCoimisiún Eorpach. Tá formhuiniú phríomhchonclúidí na Tuarascála sa tacar Conclúidí seo freisin.

3. Pléadh na dréachtchonclúidí sa Choiste um Chosaint Shóisialta agus ag cruinniú amháin den Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta. Tar éis comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir leis na Conclúidí mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad.

4. Iarrtar ar an gCoiste an méid a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú ar thángthas air maidir leis na dréachtchonclúidí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad, a dhearbhú; agus
- na dréachtchonclúidí, atá i gceangal leis seo, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí an 20 Meitheamh 2024 lena bhformheas.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

**Leordhóthanacht Pinsean**

1. AGUS É Á AITHINT AICI gur bunchloch ríthábhachtach den Eoraip shóisialta é an ceart chun ioncam agus pinsean leordhóthanach seanaoise a fháil, a fógraíodh i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus go bhfuil sé ríthábhachtach chun sprioc laghdaithe bochtaineachta 2030 a bhaint amach.

2. AGUS É Á AITHINT AICI go mbeidh sé dúshlánach, de réir mar a mhéadóidh sciar na ndaoine scothaosta inár sochaí sna blianta amach romhainn, leordhóthanacht pinsean a áirithiú, ach go mbeidh sé ríthábhachtach chun tacú le sláinte an phobail.

3. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI go dtacaíonn an tAontas Eorpach le hiarrachtaí náisiúnta chun ioncam leordhóthanach seanaoise a áirithiú, lena n-áirítear trí mhalartú taithí, faireachán agus meastóireacht a éascú, agus gur príomhuirlis anailíse i ndáil leis an méid sin iad na Tuarascálacha maidir le Leordhóthanacht Pinsean a ullmhaíonn an Coiste um Chosaint Shóisialta agus an Coimisiún.

4. AGUS É Á AITHINT AICI a thábhachtaí atá dearcadh iomlánaíoch beartais agus dlúthchomhordú a dhéanamh ar an anailís ar inbhuanaitheacht an chaiteachais a bhaineann le haosú agus ar leordhóthanacht pinsean agus an cúram fadtéarmach.

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

5. FORMHUINÍONN SÍ na príomhchonclúidí ó Thuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean a d’ullmhaigh an Coiste um Chosaint Shóisialta (agus a Mheitheal um Leordhóthanacht Pinsean) agus an Coimisiún.

6. LEAGANN SÍ BÉIM AR phríomhthorthaí Thuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean:

a. Tá baol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta do dhaoine scothaosta ag dul i méid i gcónaí, mar gheall ar bhochtaineacht ioncaim choibhneasta, agus tá sé níos airde i measc daoine scothaosta, go háirithe do mhná. Cé go bhfuil difríochtaí suntasacha fós ann idir tíortha, tá níos mó ná duine as gach cúigear Eorpach scothaosta i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Tá ioncam daoine scothaosta fós faoi bhun 90 % d'ioncam daoine in aois oibre ar an meán. Tá moilliú ag teacht ar an méadú ar ionchas saoil; ar an meán, is féidir le hEorpach a bheith ag súil faoi láthair le 21 bhliain a chaitheamh ar scor. Is gnách go dtagann méadú ar an ngá atá le cúram sláinte agus le cúram fadtéarmach de réir mar a théann daoine in aois agus baineann riosca níos airde bochtaineachta leis sin.

b. Is mná iad formhór na ndaoine scothaosta, rud a fhágann gur dúshlán sóisialta ar leith iad bearnaí inscne sa tseanaois. Cé go bhfuil an difríocht idir meánphinsean na bhfear agus meánphinsean na mban ag laghdú i gcónaí, is fianaise iad na bearnaí inscne atá ann fós maidir le bochtaineacht seanaoise, méid na bpinsean agus cumhdach pinsean ar neamhionannais mharthanacha arna gcarnadh le linn an tsaoil oibre. I measc tosca eile, is féidir le litearthacht airgeadais níos ísle cur isteach ar phleanáil scoir na mban. Maireann mná freisin níos faide i ndrochshláinte ná fir agus is minice a mbíonn cúram de dhíth orthu, agus ioncam níos ísle acu.

c. Cé gur chruthaigh paindéim COVID-19 agus an méadú ar chostas maireachtála a d'eascair as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin dúshlán mór ó thaobh caighdeáin mhaireachtála de, chuidigh córais pinsean Eorpacha agus bearta frith-ghéarchéime leis an tionchar ar leordhóthanacht pinsean a mhaolú. Ag an am céanna, leanadh den treocht fhoriomlán athchóirithe i dtreo sásraí leordhóthanachta a fheabhsú. Is príomhluamhán beartais é innéacsú pinsean chun pinsinéirí a chosaint ar chreimeadh ioncaim.

d. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar rátaí athsholáthair pinsean i bhformhór na mBallstát sa dá scór bliain amach romhainn. Cé go mbíonn tionchar ag córais phinsin agus cánachas ar leibhéal agus ar (ath)dháileadh ioncam scoir agus forbairt na leordhóthanachta amach anseo, tá an aois scoir fós ina príomhthoisc lena mínítear sochair reatha agus sochair a bheidh ann amach anseo. Ní mar a chéile a chaitheann córais phinsin le sosanna gairme - ó cosaint réasúnta mhaith ar shosanna cúraim leanaí go creidiúnú nach bhfuil chomh comhsheasmhach céanna ar dhífhostaíocht agus ar chúram fadtéarmach.

e. Is dúshlán iad neamhionannais shocheacnamaíocha san ionchas saoil do bheartais phinsin, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu conairí scoir a choigeartú do phróifílí gairme éagsúla chun cosc a chur ar fhorbairt neamhionannais. Braitheann an chaoi a n-eascraíonn neamhionannas pinsin as neamhionannas i dtuilleamh saothair go mór ar dhul chun cinn an chórais pinsin. Cé go dtugann córais phinsin cosaint dóibh siúd atá i ngátar, tá bearnaí ann i gcónaí. Tuartar go mbeidh pinsin do dhaoine féinfhostaithe aon trian níos ísle ar an meán ná pinsin fostaithe lánaimseartha a bhfuil gairm chomhchosúil acu mar gheall ar dhifríochtaí, i measc rudaí eile, sna rialacha agus sa mheántuilleamh.

7. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ról atá ag ioncaim leordhóthanacha seanaoise maidir le cóineasú sóisialta a áirithiú, fás cuimsitheach inbhuanaithe a chur chun cinn agus athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta a neartú.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI na bearta a rinneadh chun pinsinéirí, go háirithe iad siúd ar ioncam íseal, a chosaint ar an gcostas maireachtála, ar costas é a bhfuil méadú ag teacht air, agus ar na hathchóirithe a tugadh isteach i roinnt mhaith Ballstát chun leordhóthanacht na bpinsean a fheabhsú, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE ag an am céanna go bhfuil dúshláin ann i gcónaí maidir leis an leordhóthanacht reatha agus an leordhóthanacht a bheidh ann amach anseo a áirithiú.

9. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá tuilleadh athchóirithe a shaothrú chun tacú le leordhóthanacht pinsean i sochaí na fadsaolaí, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, ar rochtain agus ar ranníocaíochtaí le scéimeanna cosanta sóisialta do chách, agus trí rochtain ar chúram sláinte inacmhainne ar ardchaighdeán agus ar chúram fadtéarmach a neartú. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá na hathchóirithe sin, lena n-áirítear faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh agus na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cuspóirí beartais iad leordhóthanacht na bpinsean agus inbhuanaitheacht fhioscach na gcóras pinsean a bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile, rud a fhágann gur gá freagairt chomhtháite a thabhairt ar dhúshlán an aosaithe. LEAGANN SÍ BÉIM AR chomhlántacht na hanailíse a sholáthraítear sa Tuarascáil maidir le Leordhóthanacht Pinsean agus sa Tuarascáil ar an Aosú i ndáil an méid leis sin. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil saol oibre níos faide, arna thacú ag beartais lena gcuirtear aosú gníomhach folláin chun cinn agus ag dreasachtaí dearfacha agus níos mó solúbthachta i gconairí scoir lena léirítear éagsúlacht na ngairmeacha oibre, chomh maith le rannpháirtíocht ard na mban agus na bhfear i margadh an tsaothair ríthábhachtach chun pinsin leordhóthanacha inbhuanaithe a choinneáil i sochaí na fadsaolaí.

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI go ndírítear sa Tuarascáil maidir le Leordhóthanacht Pinsean ar bhearnaí inscne sa tseanaois. IARRANN SÍ ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta agus ar an gCoimisiún an anailís sin a shaothrú agus a fhorbairt a thuilleadh i dtuarascálacha amach anseo. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá táscairí iontaofa agus cothrom le dáta chun faireachán a dhéanamh ar bhearnaí idir na hinscní i sochair phinsin agus i gcumhdach pinsin, mar a léiríodh ag Comhdháil Ardleibhéil na Bruiséile maidir leis an mbearna phinsin idir na hinscní agus leordhóthanacht pinsean[1].

[1] *Report of the High Level Conference on the Gender Pension Gap and Pension Adequacy* [Tuarascáil ón gComhdháil Ardleibhéil maidir leis an mBearna Phinsin idir na hInscní agus Leordhóthanacht Pinsean], an 8 Feabhra 2024, an Bhruiséil

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá anailís réamhbhreathnaitheach ar leordhóthanacht pinsean agus ar ioncam seanaoise, lena n-áirítear gnéithe dáileacháin. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit uirlisí samhaltaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun réamh-mheastacháin ar leordhóthanacht amach anseo a éascú agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-athchóirithe.

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart breithniú a dhéanamh ar phinsin i gcomhar le réimsí beartais eile a fhéachann le tacú le caighdeáin mhaireachtála sa tseanaois, go háirithe cúram fadtéarmach. IS DÍOL SÁSAIMH DI cumhdach na hidirghníomhaíochta idir pinsin agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh sa Tuarascáil maidir le Leordhóthanacht Pinsean.

14. IARRANN SÍ ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta agus ar an gCoimisiún leanúint dá gcuid oibre maidir le leordhóthanacht pinsean agus an cúram fadtéarmach agus tuarascáil a thabhairt in 2027.